



Cairde na Scoile Nuachtlitir

26-05-2015

A thuismitheoirí, a chairde,

Beidh an Rith Spraoi do GSBB ag dul ar aghaidh ar an Satharn seo, an 30-05-15, ag 9.30rn ag Caisleán Mhullach Íde. Is féidir leat siúl, rith mall nó sciopaidh ar son na scoile! Beidh an seisiún deireannach traenála ar siúl ar an gCéadaoin, an 27-05-15, ag sa charrchlós le Stuart nó is féidir leat teacht ar an lá chun pairt a ghlacadh. Is féidir clárú le www.parkrun.ie má tá tú ag iarraidh an t-am a thomhas. Tá cártaí urraíochta ar fáil ón oifig. Beidh mála le rudaí deasa ar fáil ar an lá curtha ar fáil ag Eurospar!

Lá na nGeansaithe-29ú Bealtaine

Tá Lá na nGeansaithe ar son GSBB eagraithe ag Banc na hÉireann, Sord, ar an Aoine, an 29ú Bealtaine chun tacú leis an gceann scoile a bheidh ar siúl ar an lá céanna. Is féidir le páistí an geansaí peile is fearr leo (ceann CLG más féidir), a chaitheamh agus €2 a thabhairt isteach chun bheith sa chrannchur do Gheansaí BÁC sínithe ag peileadóirí fhoireann Átha Cliath.

Siúlóid Bhliantúil – Domhnach 7ú Meitheamh

Beidh an tSiúlóid Bhliantúil ag dul ar aghaidh ar an Domhnach, an 07-06-15, ag tosnú amach i gcarrchlós CLG Fhine Ghallainn ag 2.00i.n. ‘Sé téama na siúlóide seo ná Caraictéir na Scannáin agus na gCartún. Beidh crannchur le duaiseanna agus spórt is spraoi ar an lá. Seolfar cártaí urraíochta abhaile roimh ré.

Bailiú Éadaí

Beidh an chéad bhailiúchán eile ar siúl idir an 8ú – 12ú Meitheamh. D’éirigh linn €1000 a bhailiú don scoil go dtí seo. Glacfaidh Bag2School le fóin, ceamraí digiteacha agus taibléidí, bíodh siad ag obair nó ná bíodh. Cuir ar leataobh iad i mbosca eile agus gheobhaidh an scoil €1 ar a laghad ar gach ceann. Seo an bailiúchán deireannach i mbliana agus mar is gháth, tá málaí ar fáil ón oifig. Tá cead málaí eile a úsáid.

**Go Raibh Míle Maith Agaibh.
Cairde na Scoile**